Cuntas Leithreasa 2018

Vóta 21

Príosúin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar na tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus táillí eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana
b) arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil sa bhliain 2017 as leithreasaí nár caitheadh sa bhliain 2016, faoin socrú géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €1.115 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Talamh agus foirgnimh

Tá seilbh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 13[a] phríosún agus ionad coinneála, chomh maith le réadmhaoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Port Laoise agus réadmhaoin cóngarach d'Fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, agus láithreáin eile i mBaile Átha Cliath: ceann acu cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus eile i Cill Mhaighneann agus i mBaile na Sceach.

Luacháil an Oifig Luachála an talamh ag luach úsáide reatha nó ag luach an mhargaidh (muna bhfuil sé in úsáid) le linn 2014. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag luacháil na talún ag Halla Thornton ar a costas, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar an mbonn gur sócmhainn Stáit straitéiseach é le luach úsáidte féideartha. Cuireadh in iúl don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus don Ghníomhaireacht Forbartha Talún go bhfuil sé ar fáil. Déanfar athbhreithniú ar an suíomh seo ar bhonn bliantúil.

Tá an bonn a úsáidtear chun foirgnimh phríosúin a luacháil - meánchostas athsholáthair in aghaidh an chillín - gan athrú.

Athluacháilfear talamh agus foirgnimh na bpríosún gach cúig bliana - beidh an chéad athluacháil bheartaithe eile ar siúl in 2019. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil. Gan talamh agus foirgnimh san áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú san mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

[a] Tá 12 phríosúin agus d'ionaid choinneála i mbun feidhme faoi láthair. I láthair na huaire, níltear ag coinneáil príosúnach san Aonad Oiliúna in ionad Phríosún Mhuinseo.

Tomhaltáin

Déantar déileáil le soláthairtí do béilí priosúnaigh, glanadh, cothabháil agus ceardlanna mar caiteachas agus ní airítear iad mar stoic.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla ar fáil do Seirbhís Príosúin na hÉireann.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh seirbhísí comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil do Sheirbhís Príosúin na hÉireann.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- Is ann do choiste iniúchta chun comhairle a thabhairt dom maidir le bheith i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh de Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Cinntíonn an tSeirbhís Phríosúin go gcuirtear fócas iomchuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú le gach treoirlíne ábhartha. Cuireadh 54 chonradh dar luach €11,775,894 (gan CBL a áireamh) san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/02 toisc gur mó iad ná an tairseach tuairiscithe €25,000 agus gur dámhadh iad (inter alia) gan próiseas iomaíoch a reáchtáil, mar seo a leanas:

(a) Meastar gur neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach atá ceithre chonradh déag dar luach €1,670,966. Síneadh na conarthaí sin níos faide ná an dáta conartha bunaidh gan próiseas iomaíoch nua a chur i gcrích faoi dháta dheireadh na bliana.
(b) Meastar gur neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach atá íocaíochtaí dar luach iomlán €135,210 le trí sholáthraí toisc gurb amhlaidh gur fhág an éifeacht charnach go raibh an tsuim iomlán a íocadh leis na soláthraithe ag teacht salach ar threoirlínte náisiúnta soláthair, cé go raibh na socruithe/tairiscintí áitiúla a ndeachthas isteach iontu ag comhlíonadh na rialacha tairisceana ar leibhéal áitiúil.
(c) Meastar gur neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach atá sé chonradh déag dar luach €6,667,607 toisc gur tháinig na cásanna sin aníos le linn tréimhse ina rabhthas ag fanacht le tabhairt chun críche na socruithe tairisceana láraithe leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.
(d) Meastar gur neamhiomaíoch atá ceithre chonradh dar luach iomlán €516,735 ach go bhfuil siad comhlíontach, áfach, toisc go bhfuarthas iad mar thoradh ar ghá práinneach a bheith ann.
(e) Meastar gur neamhiomaíoch atá seacht gconradh déag dar luach iomlán €2,785,376. Meastar go bhfuil siad comhlíontach, áfach, toisc gur ceannacháin dhílsithe iad.

Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann analís ar na rioscaí airgeadais agus bainistíochta atá nochta os comhair an Seirbhís Phriosúin na hÉireann agus na Roinne I bhfeidhm ar a chuid oibre. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach Príosún, Stiúrthóireacht agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach a leagann amach na príomhrioscaí atá ann ar leibhéal príosúin, stiúrthóireachta agus eagraíochta agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin) an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Coiste Bainistíochta riosca, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Téann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil I bhfeidhm ar fhaireachán agus athbhreithniú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Sainaithníodh post mar Phríomhoifigeach Rioscaí agus meastar go líonfar é I rith 2019.

Tá athbhreithniú ar phróisis riaracháin áirithe á dhéanamh faoi láthair i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais

Ag teacht sna sála ar thuarascálacha iniúchóireachta a eisíodh le déanaí, chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann athbhreithniú chun feidhme ar nósanna imeachta airgeadais, riaracháin agus oibriúcháin chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le dea-chleachtas. Ba é foireann athbhreithnithe gnó a rinne an t-athbhreithniú a cheapadh ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is clár feabhsaithe cáilíochta é an t-athbhreithniú, rud a bhfuil mar aidhm leis na cleachtais riaracháin, oibriúcháin agus chuntasaíochta laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a neartú. Sna céimeanna tosaigh den athbhreithniú, tugadh tús áite do phróisis riaracháin i bpríosúin, lena n-áirítear ríomh pianbhreitheanna, bainistíocht airgid, óinchistí, agus cuntais chiste an Chláir Chúnaimh Phríosúnach le breis agus daichead Cleachtas Caighdeánach Oibriúcháin (CCOanna) curtha chun feidhme, rud a chlúdaíonn thart ar 80 gníomhaíocht riaracháin. Athfhorbraíodh an siollabas oiliúna don fhoireann riaracháin chun tacú le cur chun feidhme na gCCOanna.

Sa chéad chéim eile den athbhreithniú, díreofar go príomha ar thástáil a dhéanamh ar na leibhéil chomhlíonta le haghaidh na gcleachtas caighdeánach oibriúcháin a cuireadh chun feidhme. Déanfar tuilleadh oibre athbhreithniúcháin agus próisis i réimsí amhail faireachán a dhéanamh ar shócmhainní seasta agus iad a thaifeadadh agus a rialú, oibriú ‘siopaí sólaistí’ na bpríosún, agus comhairle a thabhairt chun tacú le hoibriú na gCoistí Deonacha Bialann, ar coistí neamhspleácha iad, maidir le hoibriú na saoráidí bialainne d’fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach.

Aidan O’Driscoll
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

29 Márta 2019

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 21 Príosúin

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Príosúin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta san ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2019

Vóta 21 Príosúin

Cuntas Leithreasa 2018

			2018	2017
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas chláir				
A Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin				
Bunaidh	341,171			
Géilleadh iarchurtha	2,233			
Forlíontach	11,521			
		354,925	353,923	326,892
Ollchaiteachas		**354,925**	**353,923**	**326,892**
Asbhain:				
B Leithreasaí-i-gcabhair				
Bunaidh	12,976			
Forlíontach	1,521			
		14,497	**14,610**	**13,056**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	328,195			
Géilleadh iarchurtha	2,233			
Forlíontach	10,000			
		340,428	**339,313**	**313,836**

Barrachas

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadtar iomlán no cuid d'aon leithreasú neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh san bhliain ina dhiadh sin.

	2018	2017
	€	€
Barrachas	1,114,810	3,786,856
Géilleadh iarchurtha	—	(2,233,000)
Barrachas le géilleadh	**1,114,810**	**1,553,856**

Aidan O'Driscoll
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

29 Márta 2019

Nótaí don Chuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

		2018	2017
	€000	€000	€000
Caiteachas chláir		88,953	79,656
Pá		250,065	232,551
Neamhphá		14,905	14,685
Ollchaiteachas		**353,923**	**326,892**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**14,610**	**13,056**
Glanchaiteachas		**339,313**	**313,836**
Athraithe i sócmhainní caipitil			
Airgead tirim um cheannachán	(26,625)		
Dímheas	2,629		
Airgead tirim um dhiúscairtí	36		
Brabús ar dhiúscairtí	(36)	(23,996)	(22,260)
Athraithe i glansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhraithe deiridh	(31)		
Laghdú ar stoic	177	146	2,526
Caiteachas díreach		**315,463**	**294,102**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		66,604	54,031
Glanchostas chláir		**382,067**	**348,133**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a iompraíodh in áit eile.

	2018	2017
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	270	270
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	65,262	52,580
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	145	153
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte	304	472
Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais	623	556
	66,604	**54,031**

Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €000	2017 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	**972,730**	**948,734**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	8,325	10,607
Stoic	2.4	1,608	1,785
Réamhíocaíochtaí		837	1,027
Ioncam fabhraithe		70	170
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	450	544
Iomlán na sócmhainní reatha		**11,290**	**14,133**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		6,237	6,558
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	8,735	8,835
Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite	2.7	40	2,316
Iomlán na ndliteanas reatha		**15,012**	**17,709**
Glandliteanais reatha		**(3,722)**	**(3,576)**
Glansócmhainní		**969,008**	**945,158**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoiniú Stáit	2.1	**969,008**	**945,158**

2.1 Cuntas maoiniú Stáit

	Nóta		2018	2017
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir			945,158	925,107
Eisíocaíochtaí as an vóta				
Soláthar mheastacháin	Cuntas	340,428		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(1,115)		
Vóta glan			339,313	313,836
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1		66,604	54,031
Caiteachas neamhairgid - athluacháil	2.2		—	317
Costas chláir glan	1		(382,067)	(348,133)
Iarmhéid ag 31 Nollaig			**969,008**	**945,158**

2.2 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Mótar-fheithiclí	Sócmhainní caipitil á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000		€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018	927,506	71,072	843	11,533	12,598	1,023,552
Breiseanna	115	1,771	13	1,437	23,289	26,625
Curtha in úsáid	31,466	—	—	—	(31,466)	—
Diúscairtí	—	(1,129)	(108)	(379)	—	(1,616)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018	959,087	71,714	748	12,591	4,421	1,048,561
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018	—	66,071	749	7,998	—	74,818
Dímheas don bhliain	—	1,684	21	924	—	2,629
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(1,129)	(108)	(379)	—	(1,616)
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018	—	66,626	662	8,543	—	75,831
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018	**959,087**	**5,088**	**86**	**4,048**	**4,421**	**972,730**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017	**927,506**	**5,001**	**94**	**3,535**	**12,598**	**948,734**

2.3 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Iarmhéideanna PMG	7,853	10,469
Iarmhéideanna cuntais bhainc atá bainteach leis an Vóta	472	138
	8,325	**10,607**

Cuntais bhainc nach bhfuil bainteach leis an Vóta

Sealbhaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann 23 chuntas bainc thráchtála. Bainistíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann an t-airgead sna cuntais sin ar leithligh ó na cistí vótáilte agus baineann sé le siopaí príosún, leis an gCiste Cláir Chúnaimh Phríosúnach, agus le cuntas d'airgead na bpríosúnach. Gan íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair a áireamh, ar íocaíochtaí iad a eascraíonn as an vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don vóta nó a íoctar uaidh. Ba é €2,341,091 an tsuim a coimeádadh sna cuntais sin ag deireadh na bliana 2018 agus ní chuirtear an tsuim sin san áireamh san chuntas (2017: €2,076,847). Féach Nóta 6.5 freisin.

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Éide agus éadach	1,588	1,729
Ilghnéitheach	20	56
	1,608	**1,785**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Óinchistí	266	373[a]
Míreanna dochair eile ar fionraí	184	171
	450	**544**

Nóta [a] I 2017 léirigh an figiúr seo na h-iarmhéideanna i gcuntais bainc bainteach leis an vóta agus a airítear anois i Nóta 2.6. Athluadh an figiúr seo ó thaobh aidhme comparáideach.

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	4,599	4,185
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	2,167	1,957
Cáin Shiarchoinneálach	179	72
Cáin Bhreisluacha	679	1,826
	7,624	8,040
Iarmhéideanna cuntais bhainc atá bainteach leis an Vóta	472	138
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	632	642
Míreanna fionraí creidmheasa eile	7	15
	8,735	**8,835**

2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,115	1,554
Géilleadh iarchurtha	—	2,233
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas	(1,075)	(1,471)
Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite	**40**	**2,316**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	8,325	10,607
Iarmhéideanna dochair: fionraí	450	544
	8,775	11,151
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(7,624)	(8,040)
Iarmhéideanna cuntais bhainc atá bainteach leis an Vóta	(472)	(138)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(639)	(657)
	(8,735)	(8,835)
	40	**2,316**

2.8 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Tionscadail chaipitil	1,079	11,930
Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí	**1,079**	**11,930**

2.9 Dliteanais aibithe

B'ionann na dliteanais aibithe ag deireadh na bliana agus €2,778 (2017: Nialas).

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chur uirthi, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

				2018	2017
		Soláthar	mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pánna aghus liúntais				
	Bunaidh	249,283			
	Forlíontach	1,997			
			251,280	250,065	232,551
ii	Taisteal agus cothabháil				
	Bunaidh	1,816			
	Forlíontach	548			
			2,364	2,328	2,156
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha				
	Bunaidh	3,860			
	Forlíontach	1,110			
			4,970	3,562	3,582
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
	Bunaidh	1,800			
	Forlíontach	112			
			1,912	1,653	1,933
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha				
	Bunaidh	5,580			
	Forlíontach	937			
			6,517	7,362	7,013
vi	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe				
	Bunaidh	100			
	Forlíontach	(96)	4	—	1
			267,047	**264,970**	**247,236**

Athrúcháin suntasacha

Míníonn na nótaí seo a leanas na fáthanna do na hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000) I gcaiteachas riaracháin an Vóta.

ii *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar mheastacháin: €1.816 milliún, táirgeacht: €2.328 milliún

Léirítear an caiteachas breise de €512,000 ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €1.816 milliún san mheastachán forlíontach de €548,000 san fo-cheannteideal. Tríd is tríd, tháinig an ceangaltas breise chun cinn mar thoradh ar dhá thoisc, is iad sin: earcaíocht baill foirne phríosúin sa bhreis a chruthaigh éileamh méadaithe ar thaisteal agus cothabháil chun freastal ar oiliúint; agus méadú ar an líon príosúnach, go háirithe ar an líon príosúnach ar athchur, rud a chruthaigh méadú sa líon tionlacan príosúnach.

iii *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €3.86 milliún, táirgeacht: €3.562 milliún

Tháinig coigilt de €298,000 chun cinn ar an meastachán bunaidh de €3.86 milliún. Comh maith le sin, níor caitheadh an meastachán forlíontach de €1.11 milliún. B'amhlaidh sin den chuid is mó toisc nár tháinig caiteachas réamh-mheasta chun cinn ós rud é go raibh ceannacháin stoic éide i bhfad níos lú ná a bhíothas ag súil leis. De bhreis air sin, bhí gannchaitheamh ann ar chostais oiliúna go príomha mar go raibh céimniú na hearcaíochta ní ba mhoille ná a bhíothas ag súil leis.

v *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin: €5.58 milliún, táirgeacht: €7.362 milliún

Léirítear an caiteachas breise de €1.782 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €5.580 milliún san mheastachán forlíontach de €937,000. Ba é an chúis phríomha leis an gcaiteachas breise ná caiteachas a bhí cothrom le thart ar €1 mhilliún ar riachtanais stórála breise chun críocha TCI san bhliain. Bhí an caiteachas sin ag teastáil chun déileáil leis an éileamh méadaithe ar scannáin TCI a choinneáil agus chun a fhéachaint chuige go seasfaidh an acmhainn an aimsir. Bhí costais bhreise ann freisin i dtaca le ceadúnais bhogearraí agus le conarthaí tacaíochta.

Clár A Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin

				2018	2017
			Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	249,283			
	Forlíontach	1,997			
			251,280	250,065	232,551
A.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	13,156			
	Forlíontach	2,611			
			15,767	14,905	14,685
A.3	Foirgnimh agus trealamh				
	Bunaidh	41,088			
	Géilleadh iarchurtha	2,233			
	Forlíontach	2,628			
			45,949	46,204	39,828
A.4	Seirbhísí príosúinigh				
	Bunaidh	27,906			
	Forlíontach	1,126			
			29,032	29,973	27,913
A.5	Seirbhísí oibriúcháin				
	Bunaidh	5,400			
	Forlíontach	1,232			
			6,632	6,789	6,482
A.6	Seirbhísí oideachais				
	Bunaidh	1,265			
	Forlíontach	(512)			
			753	1,227	1,083
A.7	Cúiteamh				
	Bunaidh	2,873			
	Forlíontach	2,439			
			5,312	4,560	4,150
A.8	Bearta míbhuntáiste sóisialta (Cistí díomhaoine arna maoiniú)		200	200	200
			354,925	**353,923**	**326,892**

Athrúcháin shuntasacha

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €1 milliún níos ísle ná an meastachán deiridh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €343.4 milliún faoi €11.5 milliún tríd an meastachán forlíontach. Bhí gannchaitheamh de €2.1 milliún ann i dtaca le caiteachas riaracháin (féach thuas) agus is de bharr na nithe seo a leanas go príomha atá an t-athrúchán sna fo-mhírchinn eile:

A.3 *Foirgnimh agus trealamh*

Soláthar mheastacháin: €43.321 milliún, toradh: €46.204 milliún

Bhí caiteachas breise de €2.883 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh de €41.088 milliún móide géilleadh iarchurtha de €2.233 milliún. Tugadh clár cothabhála coiscthí pleanáilte isteach le haghaidh trealaimh agus gléasra a mhéadaigh an líon agus minicíocht na seiceálacha seirbhíse a dhéantar ag costas measta de thart ar €1 mhilliún. De bhreis air sin, b'ann do roinnt teagmhais aonuaire a bhí mar chúis le caiteachas méadaithe cothabhála, cosúil le dálaí adhaimsire (thart ar €200,000), oibreacha leasúcháin a bhí ag teastáil chun éaluithe príosúnach a chosc (thart ar €100,00), damáiste suntasach do dhíon ciorclach Phríosún Mhuinseo (thart ar €500,000) agus oibreacha riachtanacha ar chórais seomra rialaithe (thart ar €500,000).

A.4 *Seirbhísí príosúinigh*

Soláthar mheastacháin: €27.906 milliún, toradh: €29.973 milliún

Bhí caiteachas breise de €2.067 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh de €27.906 milliún. Bhain an caiteachas breise go príomha leis an méadú a bhí ann sa líon príosúnach sa bhliain – mhéadaigh sé faoi níos mó ná 200 príosúnach bunaithe ar an meánlíon bliantúil príosúnach (3,680 i 2017 agus 3,893 i 2018). Téann sé sin i bhfeidhm ar chaiteachas i réimsí cosúil le bia, íocaíochtaí aisce agus seirbhísí leighis.

A.5 *Seirbhísí oibriúcháin*

Soláthar mheastacháin: €5.4 milliún, toradh: €6.789 milliún

Bhí caiteachas breise de €1.389 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh de €5.4 milliún. Tháinig an caiteachas breise san fho-mhírcheann seo chun cinn go príomha mar thoradh ar chlár athsholáthair a reáchtáladh sa bhliain 2018 le haghaidh trealamh slándála amhail smachtíní agus dornaisc ar fud an eastáit phríosúin de bharr moladh a fuarthas ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. De bhreis air sin, ceannaíodh níos mó feithiclí ná a measadh ar dtús le linn an dara bliain de chláir athsholáthair 3 bliana don fhlít iompair.

A.7 *Cúiteamh*

Soláthar mheastacháin: €2.873 milliún, toradh: €4.56 milliún

Bhí caiteachas breise de €1.687 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh de €2.873 milliún. Tháinig an ceangaltas breise chun cinn go príomha mar gur íocadh na costais dlí a bhain le cás ar leith a bhí os comhair na gcúirteanna.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2018	2017
			Soláthar mheastachán	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1.	Ilghnéitheach				
	Bunaidh	305			
	Forlíontach	298			
			603	436	439
2.	Fáltais na gcuntas díomhaoin		200	200	200
3.	Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí				
	Bunaidh	12,471			
	Forlíontach	1,223	13,694	13,974	12,417
	Iomlán		**14,497**	**14,610**	**13,056**

San iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €113,000 níos airde ná an meastachán deiridh. Méadaíodh an meastachán bunaidh €12.976 milliún faoi €1.521 milliún tríd an meastachán forlíontach agus tháinig an barrachas i bhfáltais chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

1. *Ilghnéitheach*

Soláthar mheastacháin: €305,000,toradh: €436,000

Sháraigh na fáltais an meastacháin bunaidh de €305,000 mar go bhfuil sé deacair leibhéal na bhfáltais faoin fo-cheannteideal seo a mheas. Níor shroich leibhéal na bhfáltais an fhigiúr measta deiridh de €603,000 a solatharaíodh de bharr an mheastachán forlíontach mar nár tháinig an méadú réamh-mheasta i bhfáltais ó ghníomhaíochtaí oibre agus oiliúna chun cinn.

3. *Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €12.471 milliún, toradh: €13.974 milliún

Léiríodh na fáltais bhreise de €1.503 milliún i meastachán forlíontach €1.223 milliún agus tháinig an barrachas chun cinn go príomha de bharr na gcostas breise párolla a bhí ag baint le tosú 183 Oifigeach Príosúin ab earcaigh nua iad I 2018 agus le leibhéal na n-íocaíochtaí uaireanta breise I rith 2018.

Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana	**3,270**	**3,186**

5.2 Pá

	2018 €000	2017 €000
Pá	158,888	136,736
Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise	395	354
Liúntais eile	32,607	45,101
Tinreamh breise agus ragobair	39,694	33,874
ÁSPC an Fhostóra	18,481	16,486
Pá iomlán	**250,065**	**232,551**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2018 €	Uasíocaíocht aonair 2017 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	79	6	16,360	33,944
Tinreamh breise agus ragobair	3,070	2003	52,668	38,773
Liúntais uainoibre agus uainchláir	2,885	1,377	18,594	23,716
Ilghnéitheach	3,039	2	11,113	15,235
Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin	3,034	2,712	67,812	65,602

5.4 Socruithe luach saothair eile

San iomlán íocadh €99,708 do 21 státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostaíodh ar dualgais éagsúla. Bhí réimse méideanna idir €300 agus €33,000 i gceist. San iomlán íocadh €31,993 do deich ball den Gharda Síochána a bhí ar scor a fhostaíodh ar dualgais shonracha le linn 2018 iad. Cuireadh gnáthaimh chuí i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill fhoirne ar scor de réir alt 52 den Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €480,390 (184 cás) (2017: €425,504, 161 cás). As an méid seo, bhí pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag luach €375,530 (121 cás) ag 31 Nollaig 2018 lena n-áirítear 59 cás pinsin leasaithe.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Daonra na bpríosún

Ba é 3,893 phríosúnach (2017: 3,680 phríosúnach) an meánlíon measta laethúil príosúnach i 2018.

6.2 Cúiteamh agus costais dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas i dtaca le cúiteamh agus costais dlí a íocadh le príosúnaigh, le baill foirne agus le baill den phobal. Léirítear miondealú ar na costais sin sa tábla thíos.

	An líon cásanna	Costais dlí ar íoctha ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	2018 Iomlán	2017 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ag foireann phríosúin						
Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgais agus deacrahtaí eile a bhaineann le foireann phríosúin	102	—	1,770	348	2,118	1,510
Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin	22	—	403	—	403	742
Éilimh ag príosúnaigh						
Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist	218	698	492	497	1,687	1,492
Éilimh ag baill an phobail	33	—	247	99	346	395
		698	**2,912**	**944**	**4,554**	**4,139**

Nóta Ag 31 Nollaig 2018, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 2,130 éileamh mar éilimh gan íoc (2017: 2,250 cásanna). Ba é luach iomlán na gcostas dlí a iompraíodh Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le 17 chás neamhchúitimh ná €397,458 (2017: €234,702).

6.3 Costais adhlactha na bpríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de chuid €5,800 i dtreo costais adhlactha ceathrar priosúnaigh a cailleadh agus iad i bpríosún.

6.4 Caillteanais airgid

Aithníodh dhá chás de chaillteanais in airgead tirim i bpríosúin éagsúla arbh fhiú €300 ina iomláine iad. Lorgófar ceadú chun na caillteanais seo a dhíscríobh (2017:€1,000).

6.5 Oibríochtaí airgeadais eile laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, eascraíonn roinnt oibríochtaí eile airgeadais laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí i gceist le cuntas bainc le haghaidh airgead príosúnach, siopaí príosúin agus Ciste Cláir Chúnaimh Phríosúnach. Seo a leanas na sonraí:

- **Cuntas airgid príosúnach** - Coimeádtar cuntas bainc go sonrach le haghaidh airgead pearsanra príosúnach agus bainistítear é ag Stiúrthóireacht Airgeadais na bPríosún. Agus príosúnaigh ag fágáil an phríosúin faigheann siad iarmhéid a gcuid airgid phearsanta ón gcuntas seo. Ba é luach iarmhéid an chuntais ag 31 Nollaig 2018 ná €1,033,099 (2017: €950,435). Léiríonn sin iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana ach tá díolacháin iomlána na Siopaí Príosúin do Mhí na Nollag (de ghnáth thart ar €600,000) san áireamh freisin.
- **Siopa phríosúin** - Tá siopa inmheánach ("siopa sólaistí") ag gach príosún inar féidir le príosúnaigh míreanna caiteachais bhig a cheannachcosúil le milseáin agus deochanna boga srl. Íoctar as na míreanna ó chistí de chuid na bpríosúnach aonair. Déantar an soláthar ar fad don siopa tríd an airgead a ghintear agus maoinítear é ó dhíolacháin go príosúnaigh. Aistrítear aon ´ghlanbhrabús´ a ghintear chuig an gCiste Cláir Chúnaimh Phríosúnach chun cabhrú le cásanna cruatain i measc na bpríosúnach. Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc do na 11 shiopa príosúin ag 31 Nollaig 2018 ná €576,668 (2017: €671,218). Ba é luach an stoic ar láimh ná €343,867 (2017: €322,078).

- **An Ciste Cláir Chúnaimh Phríosúnach (CCCP)** - Feidhmíonn gach príosún cuntas CCCP chun tionscadail chruatain phríosúnach a mhaoiniú. Ní thagann an maoiniú don chuntas ó chistí vótáilte ach ó na barrachais a ghintear ó shiopa an phríosúin. Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc ag 31 Nollaig 2018 ná €731,324 (2017: €455,194).

De bhreis air sin, tá Coistí Deonacha Bialann (CDBanna)i mbun oibre in ocht bpríosún chun comhordú a dhéanamh ar riar oibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach. Oibríonn Coistí Deonacha Bialann mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus atá neamhspleách uirthi. Dá ainneoin sin, chuaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann i dteagmháil le gach Coiste Deonach Bialann chun na hoibleagáidí rialachais atá orthu a chur i gcuimhne dóibh agus chun a chur in iúl do na Coistí an athuair go bhfuil freagrachtaí orthu as cloí le beartais, le nósanna imeachta, le rialuithe agus le rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim. Tabharfar tuilleadh comhairle chun tacú le hoibriú na gCoistí neamhspléacha Deonacha Bialann maidir le hoibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach san chéad chéim eile de thionscadal an athbhreithnithe próisis ghnó i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.